Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 6 Samhain 2026
(OR. en)

15559/26

JAI 1405
ASILE 95
FRONT 237
RELEX 1484

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	6 Samhain 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	C(2026) 8350 final
Ábhar:	CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN an 6.11.2026 de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2026) 8350 final.

Faoi iamh: C(2026) 8350 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.11.2026
C(2026) 8350 final

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN

an 6.11.2026

de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) …/… ÓN gCOIMISIÚN

an 6.11.2026

de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Bainistiú Tearmainn agus Imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013[1], agus go háirithe Airteagal 11 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Faoi Rialachán (AE) 2024/1351, gach bliain tá an Coimisiún lena chinneadh cé na Ballstáit atá faoi bhrú imirce, atá i mbaol brú imirce nó a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce. Gach bliain, faoin 15 Deireadh Fómhair, tá an Coimisiún leis an Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce a ghlacadh agus cinneadh a ghlacadh lena gcinnfear cé na Ballstáit sin.

(2) Chun a chinneadh an bhfuil Ballstát ar leith faoi bhrú imirce nó i mbaol brú imirce, nó an bhfuil aghaidh á tabhairt aige ar staid shuntasach imirce, tá measúnú déanta ag an gCoimisiún ar bhonn na Tuarascála Bliantúla Eorpaí ar Thearmann agus Imirce[2] agus ar na gnéithe a liostaítear in Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1351. Chun na críche sin, d'fhorbair an Coimisiún modheolaíocht lena meastar go bhfuil brú i gcoibhneas le cruthú oibleagáidí díréireacha i mBallstát, agus staid fhoriomlán na himirce san Aontas á cur san áireamh[3]. Chun a chinneadh cad is oibleagáidí díréireacha ann, cuireann an mhodheolaíocht staid gach Ballstáit i gcomparáid leis an staid fhoriomlán san Aontas.

(3) Sa mheasúnú[4], cuirtear tréimhse 12 mhí san áireamh, ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026 chun na Ballstáit atá faoi bhrú imirce agus na Ballstáit atá i mbaol

---

1 Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 (IO L, 2024/1351, 22.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1351/oj).

2 Teachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir leis an Tuarascáil Bhliantúil Eorpach ar Thearmann agus Imirce mar chuid den Timthriall Bliantúil Eorpach Bainistithe Imirce, COM(2026)835.

3 SWD (2025)792, *Methodology for the purposes of Commission implementing decision pursuant to Article 11 of Regulation (EU) 2024/1351 of the European Parliament and of the Council* [Modheolaíocht chun críoch cinnidh cur chun feidhme ón gCoimisiún de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle].

4 Le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2025, ós rud é go bhfuil measúnú déanta cheana, leis an gcéad chinneadh cur chun feidhme arna ghlacadh ag an gCoimisiún faoi Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351, ar an tréimhse thuairiscithe ón 1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025 chun measúnú a dhéanamh ar bhrú imirce, agus ar an tréimhse thuairiscithe ón 1 Iúil 2020 go dtí an 30 Meitheamh 2025, chun measúnú a dhéanamh ar staid shuntasach imirce.

brú imirce a shainaithint i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2024/1351, agus tá an sainmhíniú ar 'brú imirce' in Airteagal 2(24) den Rialachán sin. Thairis sin, arna iarraidh sin don Spáinn de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2024/1351, breithnítear sa mheasúnú freisin na forbairtí a bhaineann leis an teagmhas a tharla an 30-31 Iúil 2026 ar tháinig líon daoine isteach ar mórscála go neamhdhleathach chuig Cathair Fhéinrialaitheach Ceuta mar thoradh air, ar teagmhas é nach dtagann faoin tréimhse thuairiscithe 12 mhí. I gcomhréir leis an sainmhíniú ar 'staid shuntasach imirce' in Airteagal 2(25) de Rialachán (AE) 2024/1351, chun éifeacht charnach an lín bhliantúil náisiúnach tríú tír nó daoine gan stát atá ag teacht isteach faoi láthair agus a tháinig isteach roimhe sin a chur san áireamh, breithnítear sa mheasúnú ar staid shuntasach imirce an tréimhse idir an 1 Iúil 2021 agus an 30 Meitheamh 2026.

(4) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, tháinig laghdú 32 % ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha ag teorainn sheachtrach an Aontais, rud a léiríonn go bhfuil feabhas ag teacht ar staid fhoriomlán na himirce san Aontas i gcónaí i gcás an dara tréimhse thuairiscithe as a chéile. Tá laghdú 16 % agus thart ar 13 %, faoi seach, ag teacht ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta agus gluaiseachtaí neamhúdaraithe freisin, treocht leanúnach atá ag ísliú agus a tugadh faoi deara cheana ó bhí 2024 ann.

(5) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, ar bhonn na Tuarascála Bliantúla Eorpaí ar Thearmann agus Imirce agus na ngnéithe a liostaítear in Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1351, nuair a dhéantar na sonraí ábhartha cainníochtúla agus cáilíochtúla agus an fhaisnéis ábhartha chainníochtúil agus cháilíochtúil uile a chomhiomlánú agus a mheasúnú i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, is é conclúid an mheasúnaithe go bhfuil an Ghréig agus an Chipir faoi bhrú imirce. Is é conclúid an mheasúnaithe freisin go bhfuil an Iodáil faoi bhrú imirce toisc gur tháinig líon mór daoine isteach mar gheall ar dhíbhordálacha tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Thairis sin, tar éis na hiarrata ón Spáinn na forbairtí nach dtagann faoin tréimhse thuairiscithe 12 mhí a chur san áireamh, ar féidearthacht é sin dá bhforáiltear le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2024/1351, agus go háirithe an teagmhas a tharla an 30-31 Iúil 2026 ar tháinig líon daoine isteach ar mórscála go neamhdhleathach chuig Cathair Fhéinrialaitheach Ceuta mar thoradh air, is é conclúid an mheasúnaithe freisin go bhfuil an Spáinn faoi bhrú imirce.

(6) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, cé gur lean treochtaí de bheith dul i laghad ar an iomlán i gcomparáid leis an tréimhse 12 mhí roimhe sin, bhí oibleagáidí díréireacha ar an nGréig i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, go háirithe mar gheall ar an líon trasnuithe teorann neamhdhleathacha agus líon ard cinntí dearfacha. Cé gur tháinig laghdú 23 % ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha, thaifead an tír an líon is airde trasnuithe teorann neamhdhleathacha i gcoibhneas lena hOlltáirgeacht Intíre (OTI) agus lena daonra, agus thaifead sí méadú mór ar an líon daoine a tháinig isteach tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála (+ 74 %). Thairis sin, cé gur tháinig laghdú 19 % ar na hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta a cláraíodh sa Ghréig i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe a ndearnadh measúnú uirthi faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún, lean an Ghréig den líon is airde iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fháil i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Ba sa Chréit a taifeadadh níos mó ná leath de na daoine a tháinig isteach sa Ghréig feadh bhealach na Meánmhara Thoir.

(7) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, lean an Spáinn de bheith neamhchosanta go háirithe ar luaineachtaí ar an líon daoine a thagann isteach go neamhdhleathach feadh bhealaí na Meánmhara Thiar agus an Atlantaigh. Is

sa Spáinn a tharla thart ar 20 % de na trasnuithe teorann neamhdhleathacha ar fad ar leibhéal an Aontais agus ba í an tríú Ballstát í i dtéarmaí daoine a tháinig isteach mar gheall ar oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Cé gur tháinig laghdú 22 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, ba í an Spáinn an tríú faighteoir iarratas is airde i gcoibhneas le OTI agus daonra san Aontas agus an ceathrú ceann i ndearbhuimhreacha. Bhí an Spáinn i measc na mBallstát freisin a bhfuil an chuid is mó de na clárúcháin cosanta sealadaí aici agus tá sí sa cheathrú háit san Aontas i ndearbhuimhreacha. Nuair a rinneadh na sonraí ábhartha cainníochtúla agus cáilíochtúla agus an fhaisnéis ábhartha chainníochtúil agus cháilíochtúil a mheas agus a mheasúnú i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, sainaithníodh go raibh an Spáinn i mbaol brú imirce. Mar sin féin, tar éis an teagmhais a tharla an 30-31 Iúil 2026 ar tháinig líon daoine isteach ar mórscála go neamhdhleathach chuig Cathair Fhéinrialaitheach Ceuta mar thoradh air, d'iarr an Spáinn ar an gCoimisiún na forbairtí sin a chur san áireamh i gcomhthéacs an Timthrialla Bhliantúil Eorpaigh Bainistithe Imirce atá ann faoi láthair. Tar éis measúnú a dhéanamh ar na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus ar an bhfaisnéis chainníochtúil agus cháilíochtúil araon i ndáil leis an tréimhse thuairiscithe agus ar na sonraí breise agus ar an bhfaisnéis bhreise arna dtarchur ag údaráis na Spáinne de bhun Airteagal 9(1) de Rialachán (AE) 2024/1351 i ndáil leis an teagmhas a tharla an 30-31 Iúil 2026 ar tháinig líon daoine isteach ar mórscála go neamhdhleathach chuig Cathair Fhéinrialaitheach Ceuta mar thoradh air, thángthas ar an gconclúid go raibh oibleagáidí díréireacha ar an Spáinn i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas.

(8) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, tháinig feabhas ar an staid imirce agus tearmainn sa Chipir i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin, ach bhí oibleagáidí díréireacha fós uirthi i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, go háirithe mar gheall ar chlárúcháin le haghaidh cosaint shealadach, trasnuithe teorann neamhdhleathacha, iarratais ar chosaint idirnáisiúnta agus córas um fhilleadh atá faoi bhrú. D'ainneoin an laghdaithe 34 % ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe a ndearnadh measúnú uirthi faoi Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún, chuir an líon daoine a tháinig isteach, i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra, brú ar chóras tearmainn agus imirce na Cipire. Ba í an Chipir an dara stát is mó a fuair iarratais ar chosaint idirnáisiúnta sa tréimhse thuairiscithe i gcoibhneas le OTI agus daonra.

(9) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, díbhordáladh líon ard daoine san Iodáil tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála. Cé gur tháinig laghdú 33 % ar an líon iomlán daoine a díbhordáladh san Iodáil i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin, bhí sciar agus dearbhlíon na ndaoine a tháinig isteach mar gheall ar dhíbhordálacha athfhillteacha tar éis oibríochtaí cuardaigh agus tarrthála ar scála chomh mór sin gur chruthaigh siad oibleagáidí díréireacha ar an Iodáil i gcomparáid leis an staid fhoriomlán san Aontas. Is san Iodáil a díbhordáladh 42 % den líon iomlán daoine a díbhordáladh san Aontas.

(10) Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, ar bhonn thorthaí na Tuarascála Bliantúla Eorpaí ar Thearmann agus Imirce agus na ngnéithe a liostaítear in Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1351, nuair a dhéantar na sonraí ábhartha cainníochtúla agus cáilíochtúla agus an fhaisnéis ábhartha chainníochtúil agus cháilíochtúil uile a mheas agus a mheasúnú i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, sainaithnítear go bhfuil an Bheilg, an tSeicia, an Ghearmáin,

an Eastóin, Éire, an Fhrainc, an Chróit, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, an Ísiltír, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin agus an Fhionlainn i mbaol brú imirce. Cé gur sainaithníodh an Spáinn freisin a bheith i mbaol brú imirce le linn na tréimhse tuairiscithe, thángthas ar an gconclúid, áfach, go raibh oibleagáidí díréireacha ar an Spáinn i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas ar bhonn an mheasúnaithe ar na sonraí breise agus ar an bhfaisnéis bhreise a bhaineann leis an teagmhas a tharla an 30-31 Iúil 2026 in Ceuta.

(11) Lean an Chróit, mar Bhallstát céad iontrála san Aontas, de bheith neamhchosanta go háirithe ar luaineachtaí ar an líon imirceach neamhdhleathach trí bhealaí na mBalcán Thiar agus na Meánmhara Thoir. Méadú mór ar an líon imirceach neamhdhleathach le linn na bliana, is rud é sin a bhféadfadh sé a bheith mar thoradh air go ndéanfadh oibleagáidí díréireacha difear do chórais imirce agus tearmainn na Cróite, atá faoi bhrú cheana. Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, bhí tionchar ag trasnuithe teorann neamhdhleathacha ar an gCróit, agus chláraigh sí 78 % de na daoine uile a tháinig isteach feadh bhealach na mBalcán Thiar agus an dara líon is airde de thrasnuithe teorann neamhdhleathacha ar leibhéal an Aontais i gcoibhneas le OTI agus daonra, agus bhí an líon is airde diúltuithe cead isteach san Aontas i dtéarmaí coibhneasta aici. Thairis sin, fuair an Chróit an líon is airde aistrithe i gcomhréir le Rialachán (AE) 604/2013 i dtéarmaí coibhneasta. An tráth céanna, fuair an Chróit an líon is airde cinntí i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra freisin maidir le hiarrataí a chuir an Chróit faoi bhráid Ballstáit eile ar fhreagracht a ghlacadh as daoine a shroich an Chróit ar bhealach neamhúdaraithe agus ar cheart do Bhallstát eile a n-iarratais a scrúdú i gcomhréir le Rialachán (AE) 604/2013[5]. Ina theannta sin, thaifead an Chróit méadú 109 % ar dhearbhuimhreacha maidir leis an líon cinntí a fuarthas mar fhreagra ar iarrataí den sórt sin a cuireadh faoi bhráid Ballstáit eile i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin.

(12) Chuir scála leanúnach na gclárúchán cosanta sealadaí brú leanúnach ar chóras náisiúnta glactha na Seicia. Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, chláraigh an tír an líon is airde clárúchán le haghaidh cosaint shealadach san Aontas i gcoibhneas le OTI agus daonra, ar leibhéal atá i bhfad níos airde ná na leibhéil a thaifead Ballstáit eile.

(13) Thaifead roinnt Ballstát líon ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta laistigh den Aontas, rud a chuir brú ar leith ar a gcórais tearmainn, imirce agus ghlactha. Tugtar aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le gluaiseachtaí neamhúdaraithe den sórt sin trí aitheantas a thabhairt don fhéidearthacht frithárimh freagrachta a chur i bhfeidhm ar na cásanna sin mar chuid de rannchuidithe dlúthpháirtíochta na mBallstát lena mbaineann / a bhí buailte. Le linn na tréimhse tuairiscithe ón 1 Iúil 2025 go dtí an 30 Meitheamh 2026, chláraigh an Ghearmáin laghdú mór 56 % ar chinntí a fuarthas maidir le hiarrataí amach a cuireadh faoi bhráid Ballstáit eile ar fhreagracht a ghlacadh as daoine a bhain an Ghearmáin amach ar bhealach neamhúdaraithe. D'ainneoin an laghdaithe sin, fuair an Ghearmáin an dara líon is airde cinntí maidir le hiarrataí den sórt sin i measc na mBallstát uile i ndearbhuimhreacha. Thairis sin, cé gur chláraigh an Ghearmáin laghdú beagnach 20 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta a fuarthas i gcomparáid leis an tréimhse

[5] Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena mbunaítear na critéir agus na sásraí lena gcinntear cé acu Ballstát atá freagrach as scrúdú a dhéanamh ar iarratas ar chosaint idirnáisiúnta arna thaisceadh i gceann de na Ballstáit ag náisiúnach tríú tír nó ag duine gan stát (athmhúnlú) (IO L 180, 29.6.2013, https://eur-lex.europa.eu/eli/reg/2013/604/oj/gae).

thuairiscithe roimhe sin, lean sí den líon is airde iarratas a fháil san Aontas i ndearbhthéarmaí le linn na tréimhse tuairiscithe, rud a raibh tionchar aige ar a córais tearmainn agus ghlactha. Ba mheasa fós é sin toisc go bhfuil an líon is airde tairbhithe cosanta sealadaí san Aontas i ndearbhthéarmaí á n-óstáil ag an nGearmáin agus toisc go bhfuil sciar an-ard iarratas ar chosaint idirnáisiúnta aici le 10 mbliana anuas. Ina theannta sin, is chuig an bhFrainc a chuaigh líon an-ard gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta i gcomparáid leis na Ballstáit eile agus bhí uirthi aghaidh a thabhairt ar thrasnuithe teorann neamhdhleathacha ag imeacht i dtreo na Ríochta Aontaithe, rud a raibh tionchar aige ar a córais náisiúnta tearmainn agus ghlactha. Fuair an Fhrainc an dara líon is airde iarratas i ndearbhuimhreacha agus an séú líon is airde iarratas i dtéarmaí coibhneasta, cé gur tháinig laghdú 8 % ar an líon iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i gcomparáid leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin. Bhí tionchar ag gluaiseachtaí neamhúdaraithe iarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta ar an mBeilg, ar Lucsamburg agus ar an Ísiltír freisin, rud a chuir brú ar a gcórais ghlactha. Bhí tionchar ag líon mór gluaiseachtaí neamhúdaraithe ar an tSlóivéin freisin, agus chláraigh sí an líon is airde cinntí a fuarthas maidir le hiarrataí ar ghlacadh ar ais a seoladh le linn na tréimhse tuairiscithe i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra. Fuair Éire líon ard leanúnach iarratas ar chosaint idirnáisiúnta i dtéarmaí coibhneasta agus tagann sciar mór daoine isteach sa tír go neamhdhleathach agus iad ag teacht isteach thar theorainn talún na Ríochta Aontaithe den chuid is mó; Bhí tionchar aige sin, agus ag an líon mór daoine a bhí ag tairbhiú de chosaint shealadach in Éirinn, ar a córas náisiúnta tearmainn agus glactha. Is í an Rómáin is cúis le 89 % de na trasnuithe neamhdhleathacha ag teorainn thoir an Aontais, agus tagann 99 % de náisiúnaigh tríú tír isteach inti ón Úcráin. Sa chúigiú háit i liosta na mBallstát maidir le clárúcháin cosanta sealadaí, tá méadú ag teacht ar na dúshláin atá roimh an Rómáin maidir lena hacmhainneacht ghlactha, dúshláin is féidir a rachaidh i ndéine agus tuilleadh daoine ag teacht isteach de bharr chogadh leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine.

(14) Lean gníomhaíochtaí na Rúise agus na Bealarúise de thionchar a imirt ar dhinimic na himirce, go háirithe san Eastóin, sa Laitvia, sa Liotuáin, sa Pholainn agus san Fhionlainn. Mar fhreagairt ar iarrachtaí leanúnacha státurraithe ar an imirce a úsáid mar uirlis troda, lean an Eastóin de bhearta bainistithe teorainneacha a neartú ag an teorainn leis an Rúis; lean an Laitvia agus an Liotuáin de bhearta faireachais a fheabhsú ag a dteorainneacha leis an mBealarúis; Chuir an Pholainn síneadh leis an gcrios maolánach feadh a teorann leis an mBealarúis chun forairdeall oibríochtúil a choinneáil ar bun agus chun éifeachtacht na cosanta teorann a áirithiú; Chuir an Fhionlainn síneadh leis an réimeas speisialta náisiúnta ag a pointí trasnaithe leis an Rúis, mar fhreagairt ar iarrachtaí na Rúise an imirce a úsáid mar uirlis troda.

(15) Ar bhonn na Tuarascála Bliantúla Eorpaí ar Thearmann agus Imirce agus na ngnéithe a liostaítear in Airteagal 9 agus Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2024/1351, mar gheall ar éifeacht charnach na sonraí cainníochtúla agus cáilíochtúla agus na faisnéise cainníochtúla agus cáilíochtúla arna gcomhiomlánú agus arna measúnú le linn na tréimhse 5 bliana ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2026, is é conclúid an mheasúnaithe go bhfuil aghaidh á tabhairt ag an mBulgáir, an tSeicia, an Eastóin, an Chróit, an Ostair agus an Pholainn ar staid shuntasach imirce.

(16) Sa Bhulgáir, le 5 bliana anuas, i gcoibhneas lena sciar de OTI agus den daonra, le hinsreabhadh na gclárúchán le haghaidh cosaint shealadach ó bhí 2022 ann, go háirithe, mar aon le líon coibhneasta ard iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, cuireadh brú ar a córas, go háirithe ós rud é gur eisigh an Bhulgáir líon mór cinntí dearfacha maidir

le hiarratais ar chosaint idirnáisiúnta, mar aon le diúltuithe iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, nithe a chruthaigh ualach mór ar an gcóras um fhilleadh.

(17) Agus measúnú á dhéanamh ar an staid sa Chróit le 5 bliana anuas, agus i ndáil leis an staid fhoriomlán san Aontas, bhí tionchar mór ag an mbrú ar a córas um fhilleadh i gcoibhneas lena sciar de OTI agus den daonra, i dteannta na n-oibleagáidí ag a teorainn sheachtrach, ar acmhainneachtaí na Cróite. D'eisigh an Chróit, i dtéarmaí coibhneasta, líon mór diúltuithe cead isteach agus tá líon leanúnach coibhneasta ard trasnuithe teorann neamhdhleathacha ann mar gheall ar ghníomhaíochtaí smuigleála imirceach sa réigiún.

(18) Tar éis an chogaidh fhoghaigh leanúnaigh atá an Rúis a chur ar an Úcráin agus an ghéaraithe ar na hionsaithe ar an Úcráin, tá 4,4 milliún duine ag tairbhiú de chosaint shealadach san Aontas ón 30 Meitheamh 2026 ar aghaidh. Ó thús an chogaidh, tá an Pholainn agus an tSeicia i measc na mBallstát a thaifead an líon is airde clárúchán cosanta sealadaí san Aontas i gcoibhneas lena OTI agus lena ndaonra. Chuir sé sin brú suntasach ar chórais imirce, tearmainn agus bainistithe teorainneacha na mBallstát sin le blianta beaga anuas ó bhí 2022 ann agus chruthaigh sé dúshláin um imeascadh. Tá líon ard clárúchán cosanta sealadaí taifeadta ag an Eastóin i gcoibhneas lena OTI agus lena daonra mar aon le líon mór coibhneasta iarratas ar chosaint idirnáisiúnta as ar tháinig líon ard cinntí dearfacha le 5 bliana anuas.

(19) Le linn na tréimhse 5 bliana ón 1 Iúil 2021 go dtí an 30 Meitheamh 2026, fuair an Ostair líon ard iarratas ar chosaint idirnáisiúnta. Cé gur leanadh de laghdú a theacht ar an líon sin, bhí tionchar carnach ag an líon foriomlán iarratas ar chosaint idirnáisiúnta, agus ag an líon cinntí dearfacha a tháinig astu, sa tréimhse 5 bliana ar acmhainneacht na gcóras imirce, glactha agus tearmainn san Ostair.

(20) Ba cheart rochtain a bheith ag na Ballstáit a gcinntear leis an gCinneadh seo go bhfuil siad faoi bhrú imirce ar an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil arna bhunú leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle dá dtagraítear in Airteagal 57 de Rialachán (AE) 2024/1351 agus ba cheart dóibh an Coimisiún agus an Chomhairle a chur ar an eolas de bhun Airteagal 58(1) den Rialachán sin i gcás ina bhfuil sé beartaithe acu úsáid a bhaint as an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil, lena n-áirítear faisnéis maidir le cineál agus leibhéal na mbeart dlúthpháirtíochta is gá. I gcás nach mbainfidh Ballstát atá faoi bhrú imirce úsáid as an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil nó nach dtabharfaidh sé fógra gur gá dó é a úsáid, féadfaidh sé a iarraidh go ndéanfaí a ranníocaíochtaí geallta leis an gComhthiomsú Dlúthpháirtíochta Bliantúil a asbhaint go hiomlán nó go páirteach i gcomhréir le hAirteagal 61 de Rialachán (AE) 2024/1351.

(21) Na Ballstáit a gcinntear leis an gCinneadh seo go bhfuil siad i mbaol brú imirce, ba cheart rochtain tosaíochta a bheith acu ar Bhuanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2024/1351.

(22) Chun úsáid Bhuanbhosca Uirlisí Tacaíochta an Aontais Eorpaigh don Imirce ag na Ballstáit atá i mbaol brú imirce a éascú, cuirfidh an Coimisiún tacaíocht ar fáil agus déanfaidh sé comhordú le Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais ar thosaíocht a d'fhéadfaí a thabhairt do sholáthar tacaíochta oibríochtúla.

(23) Na Ballstáit a gcinntear leis an gCinneadh seo go bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce, tá siad i dteideal asbhaint iomlán nó pháirteach a rannchuidithe dlúthpháirtíochta a iarraidh i gcomhréir le hAirteagal 62 de Rialachán (AE) 2024/1351.

(24) De bhun Airteagal 11(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2024/1351, rinneadh comhairliúcháin leis na Ballstáit a shainaithnítear sa chinneadh seo mar Bhallstáit atá faoi bhrú imirce, atá i mbaol brú imirce, agus a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce.

(25) Chun an chothromaíocht idir an dlúthpháirtíocht agus comhroinnt chóir na freagrachta a áirithiú agus chun feidhmiú Rialachán (AE) 2024/1351 a choimirciú, bunaítear le hAirteagal 60(3) den Rialachán sin nach gceanglaítear ar na Ballstáit is rannchuiditheoirí a ngealltanais a chur chun feidhme i leith Ballstát is tairbhí i gcás inar shainaithin an Coimisiún easnaimh chórasacha maidir leis na rialacha freagrachta a leagtar amach i gCuid III den Rialachán céanna a bhféadfadh iarmhairtí tromchúiseacha diúltacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin sin. I gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 leagtar amach, *inter alia*, oibleagáidí an Bhallstáit atá freagrach as aistrithe daoine a ghlacadh ar cinneadh go bhfuil sé freagrach astu.

(26) Ós rud é go bhfuil na rialacha a leagtar amach i gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Rialachán (AE) 604/2013 agus gur tháinig siad in ionad na rialacha sin ó tháinig siad i bhfeidhm, is éard a bheadh i neamhchomhlíonadh leanúnach na n-oibleagáidí a eascraíonn as an dá Rialachán easnaimh chórasacha maidir leis na rialacha a leagtar amach i gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin sin.

(27) I mí na Nollag 2022, chuir an Iodáil fáil aistrithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 ar fionraí, cé is moite de chásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha. Chinn Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh (CBAE) ina breithiúnas an 19 Nollaig 2024 maidir le cásanna uamtha C-185/24 agus C-189/24 nach féidir leis an mBallstát atá ainmnithe mar an Ballstát atá freagrach faoi na critéir a leagtar amach i gCaibidil III de Rialachán (AE) 604/2013 é féin a urscaoileadh go haontaobhach ón bhfreagracht sin. Dheimhnigh CBAE an chonclúid sin ina breithiúnas an 5 Márta 2026.

(28) Sa Teachtaireacht uaidh an 15 Iúil 2026, rinne an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an Iodáil maidir leis na cleachtais a leigheas a tugadh faoi deara roimhe seo agus Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 á chur i bhfeidhm agus maidir le hoibriú éifeachtach na rialacha freagrachta nua faoi Rialachán (AE) 2024/1351 a áirithiú. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnú sin, lenar cumhdaíodh na chéad seachtainí ó tháinig na rialacha nua i bhfeidhm, go ndearna an Iodáil, tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351, iarrachtaí móra chun ullmhú do chur chun feidhme Chuid III de Rialachán (AE) 2024/1351, lena n-áirítear trí acmhainneacht oibríochtúil an Aonaid náisiúnta um Bainistiú Tearmainn agus Imirce a neartú, trína sreabha oibre agus a córais bainistithe cásanna a oiriúnú, trí shuíomhanna aistrithe a ainmniú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, trí na hullmhúcháin theicniúla is gá a chur i gcrích agus trí na ceanglais theicniúla a bhaineann le Eurodac agus DubliNet uasghrádaithe a chur chun feidhme. Tá sé deimhnithe ag údaráis na hIodáile don Choimisiún go bhfuil córas náisiúnta glactha na hIodáile leordhóthanach chun a áirithiú go bhfreastalófar ar dhaoine a aistrítear faoi Rialachán (AE) 2024/1351, lena n-áirítear teaghlaigh a bhfuil leanaí acu agus iarratasóirí leochaileacha, laistigh de líonra na saoráidí glactha ar fud na tíre atá ann cheana. Thairis sin, déantar foráil leis an bplean teagmhasach arna bhunú ag an Iodáil de bhun Threoir (AE) 2024/1346 maidir le leathnú tapa na hacmhainneachta glactha trí áiteanna cóiríochta breise a chur ar fáil i gcás méadú a theacht ar aistrithe isteach. Mar

sin féin, níor thug an Coimisiún aon tásc nithiúil faoi deara an tráth sin lena dtabharfaí le fios nach raibh na cleachtais faoi Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 fós ann, go háirithe maidir le fáil aistrithe a chur ar fionraí, seachas i gcásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha. Ina theannta sin, ní raibh aon chomhartha ann go raibh údaráis na hIodáile i dteagmháil go gníomhach le Ballstáit eile maidir leis na céimeanna praiticiúla agus lóistíochta chun aistrithe a atosú. Bhí gá le bearta chun deireadh a chur leis na baic uile atá fágtha mar ábhar tosaíochta, lena n-áirítear trí dheireadh a chur leis na cleachtais lenar cuireadh cosc ar aistrithe, agus an rannpháirtíocht agus an comhar oibríochtúil is gá a áirithiú le Ballstáit eile maidir leis na socruithe praiticiúla agus lóistíochta uile, ionas go ndéanfar aistrithe go héifeachtach i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351.

(29) Ar bhonn na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil ó bhí an 12 Meitheamh 2026 ann, lean údaráis na hIodáile de bheith ag diúltú d'aistrithe a d'iarr Ballstáit eile, agus ba ghá comhar oibríochtúil a fhorbairt a thuilleadh chun aistriú daoine a éascú ar ghlac an Iodáil le hiarrataí agus fógraí ina leith nó ar dheimhnigh an Iodáil iarrataí agus fógraí ina leith i gcomhréir le hAirteagal 40 agus Airteagal 41 de Rialachán (AE) 2024/1351. Thairis sin, de réir na faisnéise a fuair an Coimisiún, bhí cásanna ann inar fhill údaráis na hIodáile daoine ar na Ballstáit aistritheacha, d'ainneoin gur cinneadh gurb í an Iodáil an Ballstát atá freagrach. Baineann na cásanna sin go háirithe le haistrithe a dhéantar i gcomhréir le hAirteagal 25(5), an tríú fomhír, agus Airteagal 26(3), an cúigiú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún. Ar deireadh, mhodhnaigh an Iodáil na suíomhanna réamhshocraithe le haghaidh aistrithe ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 23(1), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, a raibh gá leis, de réir údaráis na hIodáile, ar chúiseanna eagraíochtúla inmheánacha agus d'fhonn a áirithiú go ndéanfaí bainistiú níos fearr ar an líon mór cásanna imirce atá os comhair na hIodáile, lena n-áirítear an riosca éalaithe a chosc.

(30) An tráth céanna, tugadh faoi deara roinnt forbairtí dearfacha toisc go ndearna an Iodáil bearta chun teagmhálacha déthaobhacha a bhunú leis na Ballstáit a bhfuil an líon cásanna is mó acu faoi Rialachán (AE) 2024/1351 i leith na hIodáile, rud a d'fhág go raibh líon teoranta aistrithe ann, chomh maith le mionaoisigh neamhthionlactha a aistriú chun críche athaontaithe teaghlaigh. Ina theannta sin, ghlac an Iodáil litir riaracháin nua an 29 Deireadh Fómhair 2026, ina sonraítear go bhfuil tús curtha arís ag an Iodáil le haistrithe ó bhí an 12 Meitheamh 2026 ann, faoi réir measúnú cás ar chás i dtaobh an gcomhlíontar na coinníollacha ábhartha go héifeachtach. Gabhann an litir chiorclach sin ionad na litreach ciorclaí a d'eisigh aonad Bhaile Átha Cliath na hIodáile an 5 Nollaig 2022 agus a tugadh cothrom le dáta an 7 Nollaig 2022 maidir le haistrithe faoi Rialachán (AE) 604/2013 a chur ar fionraí go sealadach, cé is moite de chásanna athaontaithe teaghlaigh mionaoiseach neamhthionlactha.

(31) Is údar misnigh iad na forbairtí nua iad sin lena n-éilítear dlúthfhaireachán leanúnach chun a chinneadh an ndéanfar an comhar praiticiúil leis na Ballstáit uile agus aistrithe na ndaoine a bhfuil an Iodáil freagrach astu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351 a atosú go héifeachtach agus go hinbhuanaithe, agus, dá bhrí sin, an leigheasfar na heasnaimh uile.

(32) Chuige sin, ba cheart don Iodáil leanúint de bhearta cinntitheacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh atá ann cheana. Go háirithe, ba cheart di a áirithiú go gcuirfear an litir riaracháin dar dáta an 29 Deireadh Fómhair 2026 chun feidhme ina iomláine i gcomhréir le meon Rialachán (AE) 2024/1351 agus leis an litir a ghabhann leis. Ciallaíonn sé sin go gcomhlíonann aon mheasúnú a dhéanann Aonaid

agus aistrithe Bhaile Átha Cliath na coinníollacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2024/135, go háirithe maidir le fógraí faoi ghabháil ar ais, i bhfianaise a gcineáil uathoibríoch. Ba cheart don Iodáil comhar oibríochtúil éifeachtach inbhuanaithe a bhunú leis na Ballstáit uile, go háirithe maidir le cur chun feidhme Chaibidil V de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún. Sa chomhthéacs sin, tá sé tábhachtach go bpróiseálfar go héifeachtach na foirmeacha a chuirtear faoi bhráid na hIodáile i gcomhréir le hIarscríbhinní V agus VI a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin agus go soláthrófar an fhaisnéis phraiticiúil agus lóistíochta is gá dá réir sin. Mar chuid den chomhar sin, ba cheart don Iodáil a áirithiú, leis na suíomhanna réamhshocraithe le haghaidh aistrithe ar tugadh fógra ina leith i gcomhréir le hAirteagal 23(1), an dara fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2055 ón gCoimisiún, go bhféadfaidh Ballstáit eile aistrithe éifeachtacha a dhéanamh gan bacainní oibríochtúla míchuí. An tráth céanna, ba cheart don Iodáil cumarsáid ghníomhach a dhéanamh maidir leis na módúlachtaí is fearr le haghaidh aistrithe, agus ba cheart dlúthchomhar idir Ballstáit an aistrithe agus an Iodáil a áirithiú d'fhonn úsáid suíomhanna réamhshocraithe a laghdú.

(33) Agus toradh an fhaireacháin agus an chomhairliúcháin leis na Ballstáit á gcur san áireamh, agus ag féachaint do chineál, méid agus tionchar na gcleachtas sin, mura leigheastar iad ar bhealach inbhuanaithe, is éard a bheadh i neamhchomhlíonadh córasach leanúnach fhorálacha Chuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 ag an Iodáil, go háirithe a mhéid a bhaineann le haistrithe freagrachta, easnaimh chórasacha a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú an Rialacháin sin, de réir bhrí Airteagal 60(3), an ceathrú fomhír, de.

(34) Ar an gcúis sin, ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an staid, agus é sin bunaithe ar an bhfaisnéis a bheidh ar an Iodáil agus ar na Ballstáit eile a sholáthar ar bhonn tráthrialta. Chun cinneadh oibiachtúil a áirithiú i dtaobh an bhfuil na cleachtais a tugadh faoi deara roimhe seo leigheasta agus, dá bhrí sin, an bhfuil an comhar praiticiúil agus na haistrithe praiticiúla atosaithe go héifeachtach agus go hinbhuanaithe, ba cheart don Choimisiún dul i gcomhairle leis na Ballstáit agus Fóram Leibhéil Theicniúil Dlúthpháirtíochta an Aontais a chur ar an eolas. An tráth céanna, má léirítear leis an bhfaireachán nach bhfuil na cleachtais a tugadh faoi deara roimhe seo á leigheas go héifeachtach, ba cheart don Choimisiún é sin a chur faoi bhráid an Fhóraim Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta lena phlé; i gcás ina leanann an staid ar aghaidh, cuirfidh an Coimisiún an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle dá réir sin.

(35) Sa Teachtaireacht uaidh an 15 Iúil 2026, rinne an Coimisiún measúnú ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGréig maidir leis na cleachtais a leigheas a sainaithníodh agus Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 á chur i bhfeidhm , agus tháinig sé ar an gconclúid gur tásca dearfacha ar dhul chun cinn a bhí sna bearta a rinne údaráis na Gréige, lena n-áirítear a rannpháirtíocht ghníomhach agus a gcomhar le Ballstáit eile, agus léirigh sé go bhfuil an Ghréig réidh chun cur chun feidhme éifeachtach ceart Chuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 a áirithiú. Mar sin féin, an tráth sin mheas an Coimisiún go raibh sé róluath le teacht ar chonclúid i dtaobh an raibh na cleachtais a sainaithníodh roimhe sin leigheasta go hiomlán. Ar bhonn na faisnéise a chuir na Ballstáit ar fáil ó bhí an 12 Meitheamh 2026 ann, rinneadh an dul chun cinn a tugadh faoi deara sa mheasúnú a rinne an Coimisiún i mí Iúil 2026 a chomhdhlúthú a thuilleadh. Bunaíodh comhar éifeachtach idir an Ghréig agus na Ballstáit uile. Lean an Ghréig de fhreagraí dearfacha a thabhairt ar iarrataí ar ghabháil ar láimh agus ar fhógraí faoi ghabháil ar ais. Is mar gheall ar an athrú ar na cleachtais a tugadh faoi deara agus Rialachán (AE) Uimh. 604/2013 á chur i bhfeidhm a d'éirigh leis na chéad aistrithe chuig an nGréig.

Ba cheart don Choimisiún leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta ag an nGréig i dtreo chur chun feidhme éifeachtach leanúnach marthanach Chuid III de Rialachán (AE) 2024/1351.

(36) I gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá fógra tugtha ag Éirinn, le litir dar dáta an 14 Bealtaine 2024, gur mhian léi glacadh le Rialachán (AE) Uimh. 2024/1351 agus a bheith faoi cheangal aige. Deimhníodh an rannpháirtíocht sin le Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún[6]. Dá bhrí sin, tá Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(37) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal le CAE agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I a bheidh na Ballstáit atá faoi bhrú imirce.

Airteagal 2

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II a bheidh na Ballstáit atá i mbaol brú imirce.

Airteagal 3

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn III a bheidh na Ballstáit a bhfuil aghaidh á tabhairt acu ar staid shuntasach imirce.

Airteagal 4

1. Déanfaidh an Coimisiún faireachán ar cé acu a bhfuil na cleachtais reatha agus na cleachtais sin a shainaithnítear faoi Airteagal 4 de Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún[7] leigheasta ag an Iodáil nó nach bhfuil tar éis theacht i bhfeidhm Rialachán (AE) 2024/1351.

2. Le linn an fhaireacháin sin, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar an gcomhar oibríochtúil agus na rialacha a leagtar síos i gCuid III de Rialachán (AE) 2024/1351 á gcur i bhfeidhm. Iarrfaidh an Coimisiún ar an Iodáil agus ar an mBallstát eile faisnéis ábhartha a thíolacadh ar bhonn tráthrialta, agus gach 3 mhí ar a laghad, go háirithe maidir le héifeachtacht an chomhair oibríochtúil, próiseáil agus cur chun feidhme nósanna imeachta freagrachta, aistrithe freagrachta a dhéanamh, agus comhar maidir le socruithe praiticiúla agus lóistíochta i measc na mBallstát ó tháinig Rialachán

[6] Cinneadh (AE) 2024/2088 ón gCoimisiún an 31 Iúil 2024 lena ndeimhnítear rannpháirtíocht na hÉireann i Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bainistiú tearmainn agus imirce, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1147 agus (AE) 2021/1060 (IO L, 2024/2088, 2.8.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2088/oj).

[7] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2025/2323 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2025 de bhun Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L, 2025/2323, 14.11.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2025/2323/oj).

(AE) 2024/1351 i bhfeidhm i ndáil le daoine a bhfuil an Iodáil freagrach astu i gcomhréir le Rialachán (AE) 2024/1351.

3. Cuirfidh an Coimisiún Fóram Leibhéil Theicniúil Dlúthpháirtíochta an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2024/1351 ar an eolas go tráthrialta faoi thoradh an fhaireacháin dá dtagraítear i mír 2. Má léirítear leis an bhfaireachán nach bhfuil na cleachtais a tugadh faoi deara roimhe seo á leigheas go héifeachtach, ba cheart don Choimisiún é sin a chur faoi bhráid an Fhóraim Ardleibhéil Dlúthpháirtíochta lena phlé. I gcás ina leanann an staid ar aghaidh, cuirfidh an Coimisiún an t-ábhar faoi bhráid na Comhairle dá réir sin.

4. I gcás ina gcinneann an Coimisiún, ar bhonn na faisnéise a fuarthas de bhun mhír 2, chomh maith leis an bhfaireachán dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 agus ar a dhéanaí in éineacht leis an gcinneadh dá dtagraítear in Airteagal 11 de Rialachán (AE) 2024/1351 atá le glacadh in 2027, nár leigheasadh na cleachtais dá dtagraítear i mír 1 agus gur easnaimh chórasacha iad fós dá bhrí sin a bhféadfadh iarmhairtí diúltacha tromchúiseacha a bheith mar thoradh orthu d'fheidhmiú Rialachán (AE) 2024/1351, beidh feidhm ag Airteagal 60(3), an ceathrú fomhír den Rialachán sin.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2027.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.11.2026

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN